Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2156(DEC)

29.1.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

Urscaoileadh 2024: Buiséad Ginearálta an Aontais - Gníomhaireachtaí
(2025/2156(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais don bhliain airgeadais 2024,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2024 ar Ghníomhaíochtaí Eurofound;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2024 ar Ghníomhaíochtaí Cedefop;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2024 ar Ghníomhaíochtaí ETF;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2024 ar Ghníomhaíochtaí EU-OSHA;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2024 ar Ghníomhaíochtaí ELA;

Barúlacha ginearálta

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Fhorais Eorpaigh Oiliúna (ETF), agus an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) don bhliain airgeadais 2024 dlíthiúil agus rialta ar an iomlán, agus go bhfuil léiriú cothrom iontu ar a staid airgeadais an 31 Nollaig 2024;

2. á chur in iúl gur mór aici an obair ardcháilíochta a dhéanann na gníomhaireachtaí atá ag obair i réimse na fostaíochta, na ngnóthaí sóisialta agus an chuimsithe agus ag cur i bhfáth tábhacht, uathriail agus breisluach na gcúig ghníomhaireacht ina réimse saineolais; á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach atá ag dul i méid i measc na gcúig ghníomhaireacht agus a gcomhoibriú níos dlúithe le comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, lena bhfeabhsaítear comhleanúnachas agus comhlántacht agus forluí á sheachaint ag an am céanna; á chur in iúl, thairis sin, gur geal léi go bhfuil an comhar sin tar éis éirí níos struchtúrtha agus go bhfuil níos mó tionscnamh comhpháirteach mar thoradh air; ag tabhairt dá haire meastóireacht an Choimisiúin in 2024 ar cheithre ghníomhaireacht de chuid an Aontais (Eurofound, Cedefop, ETF agus EU-OSHA), lena léirítear comhar níos éifeachtaí idir na Gníomhaireachtaí, agus leibhéal níos airde comhleanúnachais ina leith; á chur in iúl gur geal léi an plean gníomhaíochta comhpháirteach ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh na ceithre ghníomhaireacht go comhpháirteach chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí na meastóireachta;

3. ag iarraidh ar an gCoimisiún úsáid níos fearr a bhaint as saineolas agus acmhainneacht anailíseach na ngníomhaireachtaí maidir le fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, agus á chur i bhfáth go láidir go méadófaí comhordú agus úsáid éifeachtúil acmhainní buiséadacha an Aontais dá mbeifí ag brath ar a n-eolas inmheánach; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur ann d'acmhainneacht nach bhfuil leas á baint aisti maidir le faisnéis shonrach ábhartha agus na táirgí den chaighdeán céanna a sholáthar agus a sholáthraíonn comhairleoirí seachtracha, nuair a cheadaíonn sainorduithe na ngníomhaireachtaí é;

4. á thabhairt dá haire go mbaineann barúlacha na Cúirte maidir le gníomhaireachtaí le heasnaimh i nósanna imeachta soláthair phoiblí, i gcórais bhainistíochta agus rialaithe agus i mbainistiú buiséadach agus go bhfuil laigí i nósanna imeachta soláthair phoiblí fós ar an bpríomhchúis atá le híocaíochtaí neamhrialta;

5. á aithint, mar thoradh iarmhairtí na rátaí boilscithe thar a bheith ard in 2022 agus 2023, mar aon le costais foirne, fóntais agus seirbhíse atá ag dul i méid, go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an sciar den chistiú atá ar fáil do phríomhghníomhaíochtaí oibríochtúla in 2024; á thabhairt dá haire go bhfuil an baol ann leis an staid sin, go háirithe i gcás gníomhaireachtaí a bhfuil sainorduithe acu atá ag leathnú, go mbainfí an bonn dá gcumas a misin a chur i gcrích go héifeachtach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúnachas gnó na ngníomhaireachtaí a chosaint trí athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar leordhóthanacht a mbuiséad oibríochtúil chun a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir lena gcúraimí agus le líon leordhóthanach foirne; á aithint gur chuidigh solúbthacht na ngníomhaireachtaí chun oiriúnú d'imthosca athraitheacha leo a sainorduithe a chomhlíonadh in ainneoin buiséid oibríochtúla a bheith ag laghdú; á mheabhrú nach mór acmhainní leordhóthanacha airgeadais a bheith ann ag an am céanna chun tacú le sainorduithe atá ag leathnú;

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá tiomantas leanúnach na ngníomhaireachtaí uile maidir le freagracht chomhshaoil a chomhtháthú ina gcuid gníomhaíochtaí agus ina bpróisis chinnteoireachta; á chur in iúl gur geal léi céimeanna breise chun córas foirmiúil bainistíochta comhshaoil a chur i bhfeidhm ag na gníomhaireachtaí sin nach bhfuil sé acu go fóill;

7. á mheabhrú gur cheart prionsabail chothrománacha, amhail comhionannas inscne, a bheith lárnach i mbuiséadú, in oibríochtaí, i mbeartais agus i gcláir na ngníomhaireachtaí: á chur in iúl gur geal léi a n-iarrachtaí i ndáil leis sin; á iarraidh go gcuirfí buiséadú cuimsitheach inscne-fhreagrúil i bhfeidhm chun faireachán agus tomhas a dhéanamh ar leithdháiltí buiséid inscne;

An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)

8. á chur in iúl gur mór aici obair ardcháilíochta leanúnach an Fhorais chun eolas a fheabhsú agus a scaipeadh agus chun saineolas fianaise-bhunaithe a chur ar fáil lena dtacaítear le beartais shóisialta, fostaíochta agus oibre níos eolaí a fhorbairt san Eoraip; á chur in iúl gur mór aici a saineolas ar ábhair atá ábhartha do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear na Treoracha maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha, maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, maidir le pá íosta leordhóthanach, maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair

ardáin, agus maidir le trédhearcacht pá, chomh maith leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí; á chur in iúl gur geal léi príomhthaighde Eurofound i réimsí atá ábhartha ó thaobh beartais de, lena n-áirítear a chuid oibre in 2024 ar thithíocht neamh-inacmhainne agus neamhleor san Eoraip, pá íosta leordhóthanach, bochtaineacht, neamhionannas ioncaim agus an mheánaicme, ganntanais lucht saothair agus gné pholaitiúil an chomhtháthaithe shóisialta san Eoraip; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht Eurofound i bhfeachtas thoghcháin Pharlaimint na hEorpa chun feasacht vótála a mhúscailt;

9. á chur in iúl gur geal léi tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais bhliantúla an Fhorais agus ag iarraidh ar an bhForas aghaidh a thabhairt ar mholtaí CIE;

10. ag tabhairt chun suntais an ráta tabhairt anonn 15,1 % de leithreasuithe neamhdhifreáilte, arb ionann é agus fadhb leanúnach cé go bhfuil laghdú tagtha ar an ráta sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus ag tabhairt dá haire soiléiriú an Fhorais lena ndéantar idirdhealú idir tabhairt anonn pleanáilte agus neamhphleanáilte, agus an chéad cheann acu nasctha le tionscadail ilbhliantúla agus gan éiginnteachtaí buiséadacha a chruthú; ag spreagadh na Gníomhaireachta leanúint dá hiarrachtaí rátaí tabhairt anonn neamhphleanáilte a laghdú tuilleadh sna blianta amach romhainn;

An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)

11. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun faisnéis, anailísí agus uirlisí iontaofa agus ábhartha a fhorbairt, a bhailiú agus a sholáthar chun eolas a chur chun cinn, feasacht a mhúscailt agus faisnéis maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde (OSH) a mhalartú, ar faisnéis í a rannchuidíonn freisin le forbairt reachtaíocht an Aontais sa réimse sin; á chur in iúl gur mór aici an fhaisnéis agus an dea-chleachtas chun ionaid oibre shláintiúla agus shábháilte a chur chun cinn san Eoraip, go háirithe a gcuid oibre ar earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta agus rioscaí síceasóisialta san ionad oibre; á mheabhrú a thábhachtaí atá sábháilteacht agus sláinte ag an obair, nach féidir a chur i mbaol mar gheall ar bhoilsciú méadaithe agus costas maireachtála; ag iarraidh ar ghníomhaireachtaí uile an Aontais na caighdeáin is airde maidir le OSH a chomhlíonadh; á chur in iúl gur geal léi an méid a baineadh amach in 2024, lena n-áirítear foilsiú forléargais ar Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde maidir le galair chardashoithíocha agus rioscaí síceasóisialta, dul chun cinn sa taighde in earnáil na sláinte agus an chúraim shóisialta, agus tabhairt chun críche na hoibre allamuigh don Suirbhé Eorpach ar Fhiontair ar Rioscaí Nua agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn agus uirlisí OiRA nua;

12. á chur in iúl gur geal léi feidhmíocht na Gníomhaireachta in 2024, agus 99 % de chur chun feidhme an bhuiséid agus 93 % de chur chun feidhme an chláir oibre á mbaint amach; ag tabhairt dá haire an straitéis nua a ghlac EU-OSHA ag deireadh na bliana 2024, lena n-áirithítear cumas a chuid seirbhísí freagairt do riachtanais agus dúshláin nua sa réimse; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir le sonraí a sholáthar do sheirbhísí taighde eile, amhail EPRS;

13. á chur in iúl gur geal léi tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta agus ag iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar

bharúlacha CIE, go háirithe maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe;

14. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, an ráta tabhairt anonn de 22,6 %, a bhfuil feabhas tagtha air i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ach atá fós i bhfad os cionn an tagarmhairc de 15 %; á mheabhrú go mbaineann rátaí tabhairt anonn atá ard arís agus arís eile an bonn de phrionsabal buiséadach na bliantúlachta; ag tabhairt dá haire soiléiriú na Gníomhaireachta lena ndéantar idirdhealú idir tabhairt anonn phleanáilte agus neamhphleanáilte, agus an chéad cheann nasctha le tionscadail ilbhliantúla agus gan éiginnteachtaí buiséadacha a chruthú; á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne EU-OSHA chun a phróiseas pleanála buiséadaí a neartú agus ag spreagadh na Gníomhaireachta leanúint dá hiarrachtaí rátaí tabhairt anonn neamhphleanáilte a laghdú tuilleadh sna blianta amach romhainn;

15. ag aithint, agus is mór aici, an dul chun cinn atá déanta ag EU-OSHA maidir le híocaíochtaí déanacha a laghdú i gcomparáid le 2023 trí phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme;

An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)

16. á chur in iúl gur mór aici taighde, anailísí agus saineolas teicniúil Cedefop sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, agus i dtaca le cáilíochtaí agus beartais scileanna; á chur in iúl gur geal léi an méid a baineadh amach in 2024, lena n-áirítear leathnú a punainne faisnéise scileanna, tacaíocht don chuimsiú, agus anailís ar phríomhfhorbairtí beartais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna sna Ballstáit; ag tabhairt chun suntais go háirithe an chéad suirbhé uile-Aontais ar scileanna IS agus seoladh an Innéacs um Ghanntanais Saothair agus Scileanna (CLSSI) agus Oirchill Ghearrthéarmach Treochtaí Scileanna (STAS);

17. á chur in iúl gur geal léi tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE, go háirithe maidir leis an méadú ar sciar na n-íocaíochtaí déanacha i gcomparáid le 2023;

18. ag moladh Cedefop as a rátaí eiseamláireacha maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (100 %) agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (98,89 %) lena léirítear go rathúil an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní a chuirtear de chúram ar Cedefop;

19. ag spreagadh Cedefop a rialacha inmheánacha a leasú go pras chun a áirithiú go mbeidh saineolaithe náisiúnta ar iasacht de chuid na Gréige ar gá dóibh athlonnú go Thessaloniki incháilithe do liúntais chothaithe laethúil, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne;

An Foras Eorpach Oiliúna (ETF)

20. á chur in iúl gur mór aici rannchuidiú ETF le caipiteal daonna a neartú i dtíortha

comharsanacha an Aontais, cé gur minic a bhíonn sé ag feidhmiú i gcomhthéacs geopholaitiúil dúshlánach; ag aithint an róil lárnaigh atá aici maidir le hinfhostaitheacht a fheabhsú trí athchóirithe san oideachas, sa ghairmoiliúint, i scileanna, san fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus i gcórais mhargadh an tsaothair; á chur in iúl gur mór aici a fócas ar an aistriú glas agus digiteach agus ar oirchill, forbairt agus bailíochtú scileanna mar shaincheisteanna cothrománacha; á thabhairt dá haire go ndearna comóradh 30 bliain ar an bhForas in 2024, ag ceiliúradh 30 bliain de shaineolas agus de chomhpháirtíocht maidir le hoideachas agus forbairt scileanna atá cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun cinn;

21. á chur in iúl gur geal léi tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta agus ag iarraidh ar ETF aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE, go háirithe maidir leis an méadú ar sciar na n-íocaíochtaí déanacha i gcomparáid le 2023;

22. ag tabhairt dá haire gníomhaíochtaí ceartaitheacha ETF chun aghaidh a thabhairt ar neamhrialtachtaí a sainaithníodh i nósanna imeachta soláthair oscailte ó chleachtaí iniúchóireachta na mblianta roimhe sin;

23. ag cur i bhfios go láidir an dul chun cinn atá déanta ag ETF maidir le feabhas a chur ar chothromaíocht inscne, agus gurb ionann mná anois agus 57 % de bhainisteoirí, agus ag aithint iarrachtaí chun cothromaíocht gheografach a fheabhsú;

An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)

24. á chur in iúl gur mór aici obair an Údaráis chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún forfheidhmiú cothrom agus éifeachtach rialacha an Aontais a áirithiú maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na gcóras slándála sóisialta san Eoraip, lena n-áirítear trí thacú le 117 gcigireacht chomhbheartaithe chomhpháirteacha in 2024, chun soghluaisteacht éifeachtach an lucht saothair san Eoraip a éascú trí ghníomhaíochtaí na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES), agus chun feasacht a mhúscailt, trí fheachtais oiliúna agus faisnéise, go háirithe #FairHORECAinEU agus #Road2FairTransport, faoi chearta agus oibleagáidí oibrithe agus fostóirí in earnálacha ina bhfuil soghluaisteacht, rud a dhéanann níos éasca é do shaoránaigh agus do ghnólachtaí tairbhe a bhaint as an margadh inmheánach; á chur in iúl gur geal léi gur thosaigh an tÚdarás a chéad bhliain ar chumas oibríochtúil iomlán in 2024, rud a chuir ar a chumas a shainordú a chur chun feidhme go hiomlán i ngach réimse gníomhaíochta;

25. ag moladh na Gníomhaireachta as 95 % dá plean oibre bliantúil a bhaint amach, agus ag an am céanna a gníomhaíochtaí ón mbliain roimhe sin a mhéadú go suntasach, lena n-áirítear méadú 54 % ar chigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha; á iarraidh go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta do ELA, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, chun a bhreisluach d'údaráis forfheidhmithe náisiúnta a áirithiú, agus chun a chur ar a chumas fiosrúcháin ar chásanna trasteorann a thionscnamh agus a dhéanamh ar a thionscnamh féin;

26. á chur in iúl gur díol sásaimh di tuairim dhearfach fhoriomlán CIE maidir le cuntais an Údaráis; á thabhairt dá haire, áfach, gur eisigh CIE tuairim choinníollach maidir le

dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí, mar a rinne sí in 2023;

27. ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, cáilíocht CIE maidir le híocaíochtaí arb ionann iad agus EUR 2,6 milliún a rinneadh in 2024, arb ionann iad agus 5,7 % de na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí agus a sháraíonn an tairseach ábharthachta; á chur i bhfios go raibh na híocaíochtaí sin nasctha le conradh a dámhadh trí nós imeachta oscailte a measadh roimhe seo a bheith neamhrialta i dtuarascáil 2022 (EUR 2,2 milliún), chomh maith le heasnaimh a sainaithníodh i seiceálacha ex ante a bhaineann le cur chun feidhme an chonartha (EUR 0,4 milliún);

28. ag aithint an dul chun cinn a rinneadh maidir le líon na foirne sealadaí (saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus oibrithe eatramhacha) a laghdú ó 2022 i leith, nuair ab ionann iad agus 58 % den lucht saothair; á chur in iúl gur oth léi, áfach, go raibh a gcion ard fós ag 47 % in 2023 agus in 2024 araon; ag spreagadh ELA agus an Choimisiúin leanúint de sciar na foirne buaine a mhéadú tríd an bhféidearthacht a chruthú SNInna a thiontú i bpoist shealadacha foirne;

29. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur laghdaigh an tÚdarás a ráta tabhairt anonn go 15 % in 2024, rud a léiríonn cur chun feidhme feabhsaithe an bhuiséid agus pleanáil airgeadais; á thabhairt dá haire go bhfuil easnaimh áirithe sa bhainistiú buiséid, amhail ús ar íocaíochtaí déanacha ar 11,8 % d'iarratais ar íocaíocht agus gur cuireadh leasú buiséadach EUR 266 861 in áirithe go mícheart;

Conclúid

30. ag iarraidh ar na Gníomhaireachtaí agus ar an gCoimisiún moltaí uile CIE atá fós gan réiteach a chur chun feidhme a luaithe is féidir;

31. á mholadh, bunaithe ar na fíricí atá ar fáil, go ndeonófaí urscaoileadh do Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Eurofound, EU-OSHA, Cedefop, ETF, agus ELA i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na nÚdarás don bhliain airgeadais 2024.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
European Agency for Safety and Health at Work
European Training Foundation
European Labour Authority
European Centre for the Development of Vocational Training
European Foundation for the Improvement of Living and Working Conditions

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	28.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 35 –: 6 0: 5

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

35	+
NI	Branislav Ondruš
PPE	Pascal Arimont, Andrzej Buła, David Casa, Henrik Dahl, Gheorghe Falcă, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Miriam Lexmann, Jagna Marczułajtis-Walczak, Eleonora Meleti, Giusi Princi, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Romana Tomc
Renew	Hristo Petrov, Jana Toom, Brigitte van den Berg
S&D	Francisco Assis, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Vivien Costanzo, Johan Danielsson, Marit Maij, Aodhán Ó Ríordáin, Evelyn Regner, Rosa Serrano Sierra, Raffaele Topo
The Left	Li Andersson, Konstantinos Arvanitis, Per Clausen, Kathleen Funchion, João Oliveira
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo

6	-
ESN	Christine Anderson, Petar Volgin
PfE	Jaroslav Knot, Margarita de la Pisa Carrión, Pál Szekeres, Séverine Werbrouck

5	0
ECR	Elena Donazzan, Chiara Gemma, Marlena Maląg, Francesco Torselli, Mariateresa Vivaldini

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh